

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1472 ÓN gCOIMISIÚN**an 5 Meán Fómhair 2022****maidir le húdarú sulfáite lísónáite mhangainéise mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus leis na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas maidir le húdarú sulfáite lísónáite mhangainéise. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (3) Baineann an t-iarratas le húdarú sulfáite lísónáite mhangainéise mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, breiseán atá le haicmiú sa chatagóir breiseán “breiseáin chothaitheacha” agus san fheidhmghrúpa “comhdhúile de riandúile”.
- (4) Chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) ina thuairim an 27 Eanáir 2022 ⁽²⁾ nach bhfuil tionchar díobhálach ag sulfáit lísónáit mhangainéise ar shláinte ainmhithe, ar shábháilteacht an tomhaltóra ná ar an gcomhshaol, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaíte. Ina theannta sin, chinn an tÚdarás go bhfuil riosca d’úsáideoirí ag baint leis an mbreiseán a láimhseáil, riosca a bhaineann leis an mbreiseán a ionanálú agus gur greannaitheoir súl agus craicinn é agus gur cheart é a mheas mar íogróir deirmeach. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin. Chinn an tÚdarás freisin go bhfuil an tsubstaint éifeachtúil le haghaidh sicíní lena ramhrú; is féidir an cinneadh seo a leathnú chuig gach speiceas ainmhíoch eile. Ní mheasann an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh. D’fhóraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha ainmhithe arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (5) Léiríonn an measúnú ar shulfáit lísónáit mhangainéise go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (6) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn, substaint a bhaineann leis an gcatagóir breiseán “breiseáin chothaitheacha” agus leis an bhfeidhmghrúpa “comhdhúile de riandúile”, údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(3):7165

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaráithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
						Cion dúile (Mn) i mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			

Catagóir breiseán cothaitheach. Feidhmghrúpa: comhdhúile de riandúile.

3b511	-	Sulfáit lísionáit mhangai- néise	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Mangainéis agus aimíonaigéad L-lísín: cóimheas 1:1 (monaihiodráit) ina bhfuil cion: — mangainéis 16 %-18 %; — lísín 44 %-47 %; — sulfáit 27 %-31 % (arna ríomh ó shulfar), Foirm sholadach (cion taise ≤ 10 %)	Gach speiceas ainmhíoch seachas éisc	-	-	150 (iomlán)	1. Déanfar an breiseán a ion- chorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheasc- áin. 2. Ar mhaithe le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunó- idh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla iom- chuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann. I gcás nach féidir na rioscaí a laghdú go leibh- éal inghlactha leis na nós- anna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh- mheascáin agus trealamh cosanta pearsanta á chaitheamh, lena n-áir- ítear cosaint don análú, don chraiceann agus do na súile.	26.9.2032
			<i>Saintréithriú na substaintí gníomhacha</i> Foirmle ceimiceacha: $C_6H_{16}MnN_2O_7S$ IUPAC: sulfáit mhonai- aquamonailisínítmangainéisé (II)	Éisc			100 (iomlán)		
			<i>Modhanna anailíse</i> ⁽¹⁾ Maidir leis an mangainéis iomlán atá sa bhreiseán beathaithe agus sna réamh-mheascáin agus sna hábhair bheatha a chainníochtú: — Speictriméadracht Ionsú Adamhaigh (AAS) – ISO 6869; nó — Plasma Cúpláilte go hIonducht- ach – Speictriméadracht Ast- aíochta Adamhaí tar éis díleá faoi bhrú, (ICP-AES) – EN 15621; nó						

			— Plasma Cúpláilte go hIonduchtach – Speictriméadracht Astaíochta Adamhaí (ICP-AES) – EN 15510; nó — Speictriméadracht Astaíochta Adamhaí le Plasma Cúpláilte go hIonduchtach (ICP-MS) – EN 17053 (le haghaidh réamh-mheascáin agus ábhair bheatha amháin); nó — Speictriméadracht Ionsú Adamhaigh (AAS) – Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún, (le haghaidh ábhair bheatha amháin) Maidir le lísín sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD) – EN ISO 17180 Maidir le sulfáit sa bhreiseán beathaithe a shainaithint: — Monagraf in Pharmacopoeia Eorpach 20301						
--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

(¹) Tá sonraí na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga